

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 20

Garda Síochána

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc., ar chostais finnéithe áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeontú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €12.646 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

An Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 22 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh

Tá ocht stáisiún Gardaí ag an Aire Dlí agus Cirt, ar foirgnimh iad a chuirtear ar áireamh i gcuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Tá an réadmhaoín go léir eile a úsáideann an Garda Síochána faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus cuirtear i gcuntas é i gcuntas leithreasa na hOifige sin. Aistrítear foirgnimh nuathógtha ar íoc an Vóta astu chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar a gcríochnú.

Ní chuimsítear sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin ag Nóta 1 suim meascháosa a ríomhadh maidir le réadmhaoín a áitíonn an Garda Síochána ach atá faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt nó Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas eacnamaíoch iomlán na seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin.

Stoic

Áirítear le Nóta 2.3 Stoic míreanna áirithe ardmhéide, íseal-luacha inchaite, i bhfianaise a gcineáil agus a ngá le monatóireacht agus slándáil.

Dímheas

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom thar a saolré ionchasach mheasta ón mí a cuireadh i gcuntas sa chlár sócmhainní seasta iad. Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil.

Cuirtear na rátaí caighdeánacha dímheasa i bhfeidhm maidir le trealamh oifige agus TF, agus troscán agus feistis. Tá feidhm ag na rátaí dímheasa seo a leanas maidir le sócmhainní caipitil eile:

- aerárthaí: 5% sa bhliain
- báid: 10% sa bhliain
- feithiclí: 25% sa bhliain

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'obleagáidí eile mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Garda Síochána agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifig Chuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus na hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Gharda Síochána.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an nGarda Síochána, rud ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Garda Síochána neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Sholáthair an Garda Síochána mionsonraí faoi 111 chonradh neamhiomaíochas tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte seachas i gcás 57 gcás (ar mhó a luach ná €25,000 an ceann) dar luach iomlán €10,816,917 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Conraíodh ocht gcás déag dar luach €3,793,864 le haghaidh seirbhísí tarraingthe gan soláthar iomaíoch. Cuireadh an tseirbhís sin amach ar tairiscint ina dhiaidh sin, agus tá roinnt conarthaí i bhfeidhm agus tá cinn eile á dtabhairt chun cinn.
- Conraíodh dhá chás dar luach €4,045,511 le haghaidh seirbhísí aistriúcháin gan soláthar iomaíoch. Cuireadh an tseirbhís seo amach ar tairiscint ina dhiaidh sin agus tá conradh i bhfeidhm anois.
- Conraíodh naoi gcás dar luach €613,292 maidir le seirbhísí leighis. Cuireadh cuid den tseirbhís sin amach ar tairiscint ina dhiaidh sin.
- Bhí cúig chás déag ann dar luach €1,014,800 maidir le trealamh nach raibh aon chonradh i bhfeidhm dóibh.

- Bhain na 13 chás eile, ar a raibh luach €1,349,450, le rudaí éagsúla a ceannaíodh gan soláthar iomaíoch.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 a dtagraítear dó thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Garda Síochána córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainiúnnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fóithu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tacaíonn Bord Rialachais Riosca agus Beartais, Aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána agus Líonra Seaimpíní Riosca le bainistíocht riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud ina sainiúnnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGarda Síochána agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Rialachais Riosca agus Beartais an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Úsáidtear toradh na measúnuithe riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Fheidhmeannacht, sa chás gurb iomchuí. Deimhnímh gur sainiúnníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Tá obair ar bun chun teipeanna rialaithe a réiteach. Cuirtear nuashonrú ar fáil sa mhéid seo a leanas maidir leis na nithe sin.

Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána

Is é is príomhchúis le ró-íocaíocht thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána ná saoire bhreitheachta, dul ar scor, éirí as agus saoire mháithreachais neamhíochta a fhógairt go déanach agus iarratas a thacaíonn le teaghlaigh a dhéanamh chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Amhail an 31 Nollaig 2022, comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 67% de thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána ar sainiúnníodh gur ró-íocadh iad.

Comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 5% de phinsin an Gharda Síochána ar sainiúnníodh gur ró-íocadh iad. Is go príomha mar gheall ar phinsin a íoc roimh ré a ró-íoctar pinsin an Gharda Síochána, seachas i riaráiste, faoi mar a dhéantar mar ghnás san earnáil phoiblí.

Córas Seachadta Ríomhchuidithe (CAD)

Tugadh faoi anailís mhionsonraithe ar theagmhais ar Chóras Seachadta Ríomhchuidithe (CAD) an Gharda Síochána a cealaíodh i rith 2019 agus 2020 in 2021. Dhírigh an t-imscrúdú ar theagmhais a d'fhéadfadh baol leanúnach a chur ar íospartaigh mura ndéanfaí imscrúdú ceart orthu. Deimhníodh san imscrúdú nár cuireadh roinnt teagmhais ar tugadh le fios gur choireanna iad i gcuntas i gceart ag an am. Ba éard a sainithníodh anseo ná gur tharla sé, cé gur freagraíodh na glaonna go léir, nár aistríodh roinnt de na teagmhais a d'eascair as chuig PULSE.

Cuireadh gníomhartha ceartaitheacha i bhfeidhm le cosc a chur ar theagmhais a chur i dtaifead go mícheart arís nó a dhúnadh agus baol iarmhartach ar íospartaigh dá bharr. Áirítear leis sin córas CAD2 a thabhairt isteach go náisiúnta i rith 2023. Tosaíodh é sin i Márta 2023 agus cuireann sé feabhas mór ar eolas tacaíochta cinntí oibreoirí agus lucht bainistíochta araon anuas ar rialuithe breise.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Garda Síochána ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Éilimh thaistil agus chothabhála

Rinne an Garda Síochána nochtadh leis na Coimisinéirí Ioncaim a bhaineann le roinnt fócaíochtaí taistil agus cothaithe. Rinneadh seirbhísí seachtracha a sholáthar chun cabhrú leis an ní sin a athbhreithniú agus chun tacú leis an nGarda Síochána aon dliteanas cánach féideartha a chainníochtú.

Stoc

Shainaithin an Garda Síochána laigí maidir le heisiúintí stoic agus fáltais nach bhfuil á dtaifeadadh ar an gcóras TF go tráthúil agus nach bhfuiltear ag tabhairt faoi chomhairimh thimthriallacha stoic de réir nósanna imeachta. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar easpa pearsanra a bheith ar fáil. Chuathas i mbun beart chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, lena n-áirítear acmhainní breise a leithdháileadh ar bhainistíocht stóras agus próisis agus nósanna imeachta reatha a bharrfheabhsú, lena n-áirítear comhairimh thréimhsiúla stoic, a dheimhnigh gur tháinig feabhsúcháin mhóra in 2023 ar chruinneas na dtaifead ar stoc. Bainfear dearbhuithe ó na gníomhartha seo agus as leanúint le feabhas a chur ar bhainistiú stóras.

Níor sainithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Paindéim Covid-19

D'imir an Garda Síochána ról bunriachtanach chun cabhrú le bearta sláinte poiblí Covid-19 a chur i bhfeidhm agus le daoine agus pobail a choimeád sábháilte i rith na paindéime ó 2019 go 2022. Leanadh leis an obair eile phóilíneachta i rith an ama sin freisin.

Foilsíodh roinnt ionstraimí reachtúla i rith na paindéime faoin Acht Sláinte, 1947, ar áiríodh gnéithe teorach agus forfheidhmithe leo a raibh ar an nGarda Síochána tabhairt fúthu. Mar sheirbhís bhunriachtanach i dtaobh na seirbhísí póilíneachta sin agus eile a sholáthar, tugadh uainchlár éigeandála Covid-19 isteach chun an fháil atá ar phearsanra a uasmhéadú agus bhí tionchar airgeadais aige sin.

Bunaíodh Aonad inmheánach Comhordaithe Covid-19 chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána trí fhaisnéis agus comhairle a thabhairt a bhaineann le Covid-19 laistigh den timpeallacht oibre. Rinne an t-aonad sin idirchaidreamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus rinne sé monatóireacht ar an eolas is deireanaí ón Roinn Sláinte agus/nó ó FSS, ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ón bhFochoiste Comh-Aireachta.

Rinne an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí bainistiú ar na gnáthdhúshláin slándála, sábháilteachta, cúram sláinte agus oibríochtúla a chruthaigh an phaindéim agus ar na bearta gaolmhara a forchuireadh. Nuair ab fhéidir, tugadh faoin obair go cianda, agus leanadh le príomhrialuithe inmheánacha airgeadais a dhéanamh agus le rioscaí a mhaolú trí TFC atá cianda agus slán agus trí bheartais/nósanna imeachta reatha a choimeád i bhfeidhm. Cloíodh le treoirlínte FSS, agus táthar ag leanúint de chloí leo, de réir mar ab infheidhme agus is infheidhme.

Tionóladh cruinnithe rialta ar roinnt leibhéal ar fud na heagraíochta agus le príomh-gheallsealbhóirí seachtracha chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach don timpeallacht dhinimiciúil athraitheach.

Leanfaidh an Garda Síochána de bheith ar fáil chun oibriú go dlúth le gach gníomhaireacht ábhartha agus bearta atá ar aon dul le beartas poiblí a ghlacadh i gcás go dtiocfaidh paindéim chun cinn amach anseo.

JA Harris

Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

22 Meán Fómhair 2023

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 20 Garda Síochána

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáiltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Rialuithe neamhímleora stoic

Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais nár fheidhmigh na rialuithe ar stoic go héifeachtach in 2022, agus go bhfuil céimeanna glactha chun an scéal a chur ina cheart.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2022.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 20 Garda Síochána

Cuntas Leithreasa 2022

			2022	2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu			
	<i>Bunaidh</i>	2,062,342		
	<i>Forlíontach</i>	97,778		
			2,160,120	2,000,881
Ollchaiteachas		2,160,120	2,153,194	2,000,881
	<i>Lúide</i>			
B	Leithreasaí-i-gcabhair			
	<i>Bunaidh</i>	105,988		
	<i>Forlíontach</i>	18,807		
			124,795	122,332
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,956,354		
	<i>Forlíontach</i>	78,971		
			2,035,325	1,878,549

Barrachas

Dlítear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2022	2021
	€	€
Barrachas le géilleadh	12,646,237	13,276,491

JA Harris

Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

29 Márta 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	607,416	543,101
Pá	1,320,139	1,252,316
Neamhphá	225,639	205,464
Ollchaiteachas	2,153,194	2,000,881
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	130,515	122,332
Glanchaiteachas	2,022,679	1,878,549
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin (airgid thirim)	(66,806)	
Dímheas	28,224	
Caillteanas ar dhiúscairtí	158	(31,332)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(4,468)	
Méadú ar chostais fhabhráithe	270	
Méadú ar loncam fabhráithe	(202)	
Méadú ar fhardail	(6,863)	(12,747)
Caiteachas díreach	1,972,992	1,834,470
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	23,576	25,368
Glanchoistas an chláir	1,996,568	1,859,838

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 20 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2022	2021
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	21	16
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	20,681	21,277
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,562	2,600
Vóta 24	Dlí agus Ceart – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ^a	2,753	2,683
Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(2,441)	(1,208)
		23,576	25,368

Nóta ^a Cuirtear costais íocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an bhfoireann shibhialtach ar áireamh i Vóta 24 Dlí agus Ceart agus ní chuirtear i dtaifead sa chuntas seo iad mar ghlanachaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

Seirbhísí eile

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla a dtugtar cuntas orthu thíos. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla.

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacain do phearsanra Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a raibh príosúnaigh á dtabhairt acu go dtí an chúirt.
- Thug Óglaigh na hÉireann cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt, gan íocaíocht.
- Cuireadh aerárthaí an Aerchóir ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána i rith 2022 gan íocaíocht. Tugadh tacaíocht Aerchóir freisin gan táille maidir le haerárthaí sciathán dobhogtha an Gharda Síochána agus costais phíolóta héileacaptair an Gharda Síochána a oibriú.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	67,285	202,395
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	54,762	36,723
Fardail	2.3	28,299	21,436
Réamhíocaíochtaí	2.4	25,980	21,511
Ioncam fabhraithe	2.5	1,310	1,108
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	20,974	23,160
Iomlán na sócmhainní reatha		131,325	103,938
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.7	8,958	8,056
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	75,596	59,731
Glanmhaoiniú Státchiste	2.9	140	152
Iomlán na ndliteanas reatha		84,694	67,939
Glansócmhainní reatha		46,631	35,999
Glansócmhainní		113,916	238,394
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.10	113,916	238,394

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	Aerárthaí agus báid	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní (costas nó luach)							
Ag an 1 Eanáir 2022 ^a	92,003	22,134	89,242	224,086	9,195	43,318	479,978
Breiseanna	—	—	16,924	3,617	28	46,868	67,437
Diúscairtí	—	—	(9,309)	(27,369)	(3,249)	—	(39,927)
Suim a aistríodh amach ^b	(92,003)	—	—	—	—	(90,186)	(182,189)
Ag an 31 Nollaig 2022	—	22,134	96,857	200,334	5,974	—	325,299
Dímheas carntha							
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022	6,337	16,770	64,804	183,198	6,474	—	277,583
Dímheas don bhliain	1,687	590	11,423	14,104	420	—	28,224
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(9,173)	(27,349)	(3,247)	—	(39,769)
Dímheas ar aistrithe amach	(8,024)	—	—	—	—	—	(8,024)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022	—	17,360	67,054	169,953	3,647	—	258,014
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	—	4,774	29,803	30,381	2,327	—	67,285
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	85,666	5,364	24,438	40,888	2,721	43,318	202,395

Nótaí ^a Áirítear leis na hiarmhéideanna tosaigh sócmhainní ar a bhfuil luach €10,000 nó níos lú.

^b Rinneadh caiteachas caipitil in 2022 ar cheithre fhoirgneamh – ceanncheathrú roinne Shráid Chaoimhín, Loch Garman agus na Gaillimhe ar a raibh oll-luach €92.003 milliún, agus Teach Walter Scott, an Bóthar Míleata, ar a raibh oll-luach €90.186 milliún – a aistriú chuig OOP mar shócmhainní atá le cur i dtaifead i gcuntas leithreasa Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

2.2 Banc

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir Ghinearálta	47,693	30,900
larmhéid na gcuntas bainc tráchtála ^a	7,069	5,823
	54,762	36,723

Nóta ^a Déanann an Garda Síochána 94 chuntas bainc tráchtála óinchoiste roinne/aonaid a choimeád, a laghdófar iad ar aon dul leis an tsamhail oibriúcháin a thabhairt isteach. Sin é an t-aistriú ó shamhail phóilíneachta ceantair go samhail roinne.

2.3 Fardail

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Páipéarachas	462	503
Stoc teileachumarsáide	2,048	2,398
Éadach	21,060	12,097
Soláthairtí an Bhiúró Theicniúil	114	166
Stoc seirbhíse na Náisiún Aontaithe	198	228
Armlann	3,549	4,791
Ilghnéitheach	868	1,253
	28,299	21,436

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Íocaíochtaí raidió dhigitigh náisiúnta	8,240	7,772
Íocaíochtaí TFC	10,861	8,260
Teileachumarsáid	6,405	4,660
Eile	474	819
	25,980	21,511

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Dlite do sheirbhísí	1,310	1,108
	1,310	1,108

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Óinchestí	768	713
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	19,335	21,409
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	650	779
Míreanna fiachais eile ar fionraí	221	261
	20,974	23,160

2.7 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
TFC	1,467	347
Feithiclí a cheannach	2	—
Saintrealamh	18	20
Taisteal agus cothú	1,581	1,251
Breosla agus cothabháil	298	676
Seirbhísí stáisiúin	1,563	1,356
Conradh Go Safe	—	1,225
Stóráil agus oiliúint	866	487
Cumarsáid agus trealamh eile	883	136
Trealamh TFC	97	—
Éadach	563	503
Coláiste	233	119
Eile	1,387	1,936
	8,958	8,056

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	38,230	28,253
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	15,903	13,297
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	1,378	564
Cáin bhreisluacha	308	677
Cáin chonarthaí iomchuí	—	3
Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre	1,050	1,450
Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin	—	14
Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána	1,131	855
Iarmhéideanna cuntais ranna an Gharda Síochána	7,069	5,823
Oifig na nOibreacha Poiblí	2,935	2,103
